

Sgian mo charad ar mo chliú

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 52]

1 Sgian mo charad ar mo chliú,  
nírsum ralag mian na mná,  
ní racha ar ngrádh dhi gach día,  
go ría slán an tí gá ttá.

2 Ní holc í, ní dáor a dealbh,  
ge cáomh a lí, ní lí gharbh:  
an tí do sgeach an sgían ghorm,  
fíal um chorn um each 's um arm.

3 Atá a sáith uirre don ór,  
agus buinni bláith ré a bél:  
tug an ghégh dhonnmhailghioch dhúnn  
an séd úr gormfhaighnioch gér.

4 Áith agus leabhar a los,  
bláith agus sleamhan a slios:  
do-rad uaidh an cíabhfhann cas  
íarann glas cruaidh ar mo chríos.

5 Faighin dualach agá díon,  
go huallach agus go húr,  
órchluidhe trom ina táobh,  
cráobh lom chrócbhuidhi 'na cúl.

6 Bean do mhnáibh an tíre theas,  
go gcnáimh sídhe mar an snas,  
banMhuimhnioch cháomh ar mo chríos,  
go slios cháomh ghlandruimnioch ghlás.

7 Donnchadh Cairbrioch na gcon gcáomh,  
ní hairgthioch ar chrodh na gclíar,  
trilis roimhín fhionn mar ór,  
lór liom fám sgloimhín a sgian.

8 Máol Ruanaidh, rannaire an ríogh,  
go ndualaigh cambuidhi a chíabh,  
gnúis cháidh mar fhuil nó mar fhíon,  
go díol cáigh ní sguir, a sgian.